17.4.2024 A9-0149/316

**Leasú 316**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) PRM arna rochtain, arna dhíol nó arna aistriú ar aon bhealach i gcainníochtaí beaga mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VIIa, cibé acu saor ó mhuirear é nó nach ea, chun caomhnaithe dhinimiciúil mar a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (35a).*** |

Or. en

17.4.2024 A9-0149/317

**Leasú 317**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 27 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) nach orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE é.*** |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 318**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) nach bhfuil sé géinmhodhnaithe;*** |

Or. en

**Leasú 319**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ní bhainfidh siad le cineál nach bhfuil cearta maidir le cineálacha plandaí deonaithe dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2100/94; | (a) ní bhainfidh siad le cineál nach bhfuil cearta maidir le cineálacha plandaí deonaithe dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2100/94 ***agus i gcás ina bhfuil an ceart fós i bhfeidhm***; |

Or. en

**Leasú 320**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Ní dheonófar aon údarú i gcásanna ina bhfuil cineál ina chineál géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE, nó ina chineál atá fulangach ar luibhicídí de bhun Airteagal 47(1), pointe (f), nó ina bhfuil saintréithe ar leith ag gabháil leis a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith ann dá mbarr de bhun Airteagal 47(1), pointe (g).*** |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht

17.4.2024 A9-0149/321

**Leasú 321**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 66 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I ndiaidh an scrúdú fhoirmiúil ar an iarratas dá ndéantar foráil in Airteagal 57, agus sula gclárófar cineál i gclár náisiúnta cineálacha de bhun Airteagal 67, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le CPVO ***i dtaobh*** ainmníocht an chineáil atá á moladh ag an iarratasóir. | I ndiaidh an scrúdaithe fhoirmiúil ar an iarratas dá ndéantar foráil in Airteagal 57, agus sula gclárófar cineál i gclár náisiúnta cineálacha de bhun Airteagal 67, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le CPVO ***agus le geallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, i gcás inar gá trí chomhairliúchán forleathan leis an bpobal, le hionaid acmhainní géiniteacha, le heagraíochtaí feirmeoirí, le pobail áitiúla agus le húdaráis náisiúnta agus chríochacha, agus freisin leis an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 76(1) maidir le hoiriúnacht*** na hainmníochta cineáil atá á moladh ag an iarratasóir ***i bhfianaise cheanglais Airteagal 54***. |

Or. en

17.4.2024 A9-0149/322

**Leasú 322**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Na Ballstáit a chur toirmeasc ar ábhar atáirgthe sonraithe;*** |
| | ***Féadfar a údarú do Bhallstát, arna iarraidh sin dó, toirmeasc a chur ar úsáid an chineáil ar a chríoch ar fad, nó ar chuid di, nó coinníollacha iomchuí a leagan síos chun an cineál a shaothrú i gcomhréir, i gcásanna dá bhforáiltear i bhfomhír (c), leis na coinníollacha maidir le táirgí, ar toradh iad ar an saothrú sin, a úsáid: (a) i gcás ina suífear go bhféadfadh saothrú an chineáil dochar a dhéanamh, ó thaobh sláinte plandaí de, do shaothrú cineálacha nó speiceas eile; nó (b) i gcás ina léiríonn trialacha fáis oifigiúla arna ndéanamh sna Ballstáit is iarratasóirí nach n-eascraíonn torthaí as an gcineál, in aon chuid dá chríoch, a fhreagraíonn dóibhsean a eascraíonn as cineál inchomparáide a nglactar leis i gcríoch an Bhallstáit sin nó, i gcás inar maith is eol nach bhfuil an cineál oiriúnach lena shaothrú in aon chuid dá chríoch mar gheall ar a chineál aicme aibíochta. Taiscfear an t-iarratas roimh dheireadh an tríú bliain féilire tar éis glacadh leis an iarratas; (c) i gcás ina mbeidh cúiseanna bailí aige seachas iadsan dá dtagraítear cheana lena mheas go bhfuil an cineál ina bhaol do shláinte an duine nó don chomhshaol.*** |

Or. en

17.4.2024 A9-0149/323

**Leasú 323**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid A – pointe 1 – Cuid A – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh na síolta ***ar leithligh ó*** shaothrú na síolta a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun sláinte an ábhair lena mbaineann a áirithiú***.*** | (f) I gcás inarb iomchuí, ***ba cheart aird ar leith a thabhairt ar*** tháirgeadh síolta ***i gcomhthráth le*** saothrú síolta a bhaineann leis na géinis chéanna nó na speicis chéanna atá ceaptha chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun sláinte an ábhair lena mbaineann a áirithiú***, agus na ceapacha á scaradh ó chéile nuair is gá déanamh amhlaidh chun sláinte an ábhair a choinneáil;*** |

Or. en

17.4.2024 A9-0149/324

**Leasú 324**
**Luke Ming Flanagan**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Report** **A9-0149/2024**
**Herbert Dorfmann**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí
(COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 12 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) comhpháirteanna meascáin iolraithe le haghaidh leasaithe arb iad ***síolta*** de speiceas atá iontu a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I, comhlíonfaidh siad, roimh an meascadh, ***ar a laghad*** na ceanglais maidir le ***síol caighdeánach*** i gcás na speiceas lena mbaineann; | (i) comhpháirteanna meascáin iolraithe le haghaidh leasaithe ar ***pórtha fiáine*** na speiceas sin a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I iad, comhlíonfaidh siad, roimh an meascadh, na ceanglais ***cháilíochta shonracha*** maidir le ***pórtha fiáine dúchasacha*** i gcás na speiceas lena mbaineann; |

Or. en